# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Staidéar Gnó

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

| **Roinn A** | **90 marc** |
|---|---|

**Freagair gach ceist.**

**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**Ceist 1**

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu is sócmhainn sheasta nó sócmhainn reatha **gach** ceann de na sócmhainní sin:

| **Sócmhainní** | **Sócmhainn Sheasta** | **Sócmhainn Reatha** |
|---|---|---|
| Áitreabh  | ✓ | |
| Airgead tirim  | | ✓ |
| Feithicil Seachadta  | ✓ | |

**Ceist 2**

In 2022, tháinig méadú €32m ar an gcáin siúcra a bailíodh in Éirinn.

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu is cáin dhíreach nó cáin indíreach an cháin siúcra.

| Cáin dhíreach | ☐ | Cáin indíreach | ✓ |
|---|---|---|---|

Tabhair fáth le do fhreagra.

**Cúis:** Is éard is cáin indíreach ann cáin ar chaiteachas/gearrtar cáin indíreach ar earraí agus áirítear í sa phraghas a íocann tomhaltóirí. Bailíonn an díoltóir ansin í agus cuireann sé/sí faoi bhráid Rialtas na hÉireann í.

**Ceist 3**

Sa ghrafaic thíos ón Suirbhé ar an Lucht Saothair de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh léirítear na figiúirí fostaíochta agus dífhostaíochta i Ráithe 1 de 2022 agus i Ráithe 1 de 2023.




Suirbhé ar an Lucht Saothair, POS, R1 2023

**(i)** Cad a chuireann an ghrafaic eolais in iúl dúinn maidir leis an athrú ar an leibhéal fostaíochta in Éirinn ó Ráithe 1 de 2022 go Ráithe 1 de 2023?

| |
|---|
| Tá ardú 4.1% tagtha air/ Méadú ó 2,505,800 go 2,608,500/ Méadú 102,700 |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** don gheilleagar a bhaineann leis an athrú ar an leibhéal fostaíochta.

| |
|---|
| Bailítear níos mó cáin ioncaim/ioncam ÍMAT don Rialtas agus úsáideann an Rialtas an cháin seo ansin chun áiseanna/seirbhísí poiblí a fheabhsú/a sholáthar. |
| Íoctar níos lú airgid ar shochar/liúntas Cuardaitheoirí Poist agus mar sin úsáideann an Rialtas an cháin seo ansin ar áiseanna/seirbhísí poiblí a fheabhsú/a sholáthar. |
| Seirbhísí poiblí ar chaighdeán níos fearr de réir mar a bheidh níos mó ioncaim ag an rialtas le caitheamh orthu, rachaidh sé seo chun leasa do phobail áitiúla agus dá saoránaigh. |
| D'fhéadfadh barrachas Buiséid a bheith mar thoradh air seo agus d'fhéadfadh an Rialtas an barrachas sin a úsáid chun áiseanna/seirbhísí poiblí a fheabhsú/a sholáthar. |

**Ceist 4**

De réir a chéile, tá gnólachtaí ag baint níos mó úsáide as an teicneolaíocht chun cabhrú leo rath a spreagadh.

Déan cur síos ar chostas sóisialta **amháin** agus ar chostas comhshaoil **amháin** a bhaineann leis an dul chun cinn sa teicneolaíocht le blianta beaga anuas.

| |
|---|
| **Costas Sóisialta:** Níos lú muintearais óir d'fhéadfadh daoine a bheith ag obair ón mbaile/níos lú teagmháil shóisialta le comhfhostaithe. |
| D'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm ar chothromaíocht oibre is saoil óir d'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ar fhostaithe dínascadh. |
| D'fhéadfadh níos lú deiseanna fostaíochta a bheith ar fáil rud a chinnteoidh méadú/ leathnú ar na figiúirí dífhostaíochta de réir mar a thiocfaidh poist isteach le hintleacht shaorga nó ardáin mhalartacha TF in áit poist reatha. |
| D'fhéadfadh sé go mbeadh méadú ar leibhéil struis d'fhostaithe mar thoradh ar oiliúint rialta maidir le nuashonruithe sa teicneolaíocht. |
| **Costas Comhshaoil:** Méadú ar lorg carbóin/truailliú aeir mar gheall ar astaíochtaí méadaithe chun an teicneolaíocht seo a chumhachtú a bhfuil drochthionchar fadtéarmach aici ar an aeráid. |
| Méadú ar an dramhaíl leictreonach a tháirgtear nuair a théann na hearraí seo as feidhm go tapa, is deacair fáil réidh leis an dramhaíl seo agus beidh drochthionchar aici ar ídiú ózóin/dífhoraoisiú/ithir agus uisce. |

**Ceist 5**

Úsáid an t-eolas atá sa sliocht thíos as sonrasc agus comhlánaigh na trí spás fholmha.

| | € |
|---|---|
| Iomlán (gan CBL san áireamh) | 25,000 |
| Lascaine Thrádála (10%) | 2,500 |
| Fo-iomlán | 22,500 **2m** |
| CBL (23%) | 5,175 **2m F.F.** |
| Iomlán (CBL san áireamh) | 27,675 **2m F.F.** |

**Ceist 6**

Cuir in iúl le tic (✓) sa tábla thíos cé acu is ioncam rialta nó ioncam neamhrialta na foinsí ioncaim.

| **Foinse Ioncaim** | **Ioncam Rialta** | **Ioncam Neamhrialta** |
|---|---|---|
| Bunphá | ✓ | |
| Sochar Linbh | ✓ | |
| Bónas | | ✓ |

**Ceist 7**

Thosaigh Áine Ní Mhóráin ag obair mar Chuntasóir le Fuinneoga K&K Teo. i gCo. Loch Garman le déanaí. Tabhair breac-chuntas ar cheart **amháin** atá ag Áine mar fhostaí agus ar fhreagracht **amháin** atá uirthi i leith a fostóra.

| **Ceart:** |
|---|
| Pá cóir lae a fháil as lá cóir oibre. |
| Gan leithcheal a dhéanamh i.e., creideamh reiligiúnach, gnéaschlaonadh |
| Chun coinníollacha oibre sábháilte a bheith ann, e.g., troscán eirgeanamaíoch. |
| Chun conradh fostaíochta a fháil i.e., i scríbhinn nó ó bhéal. |
| Ballraíocht a ghlacadh i gceardchumann |
| An pá íosta ar a laghad a thuilleamh |
| **Freagracht:** |
| Chun lá oibre ionraic a dhéanamh dá bpá. |
| Chun a bheith dílis don fhostóir/réadmhaoin an fhostóra. |
| Chun an méid atá ina gconradh fostaíochta a chur i gcrích. |
| Déanamh de réir na nósanna imeachta go léir maidir le sláinte agus sábháilteacht sa n áit oibre. |
| Chun freastal ar an obair in am/ Bheith poncúil ó thaobh cúrsaí oibre de i gcónaí. |

**Ceist 8**




Sheol Cadbury a gcuid Barraí Plandabhunaithe Veigeánacha in 2022.

**(i)** Sainaithin spriocmhargadh le haghaidh na dtáirgí seo.

Veigeánaigh nó daoine nach n-itheann bianna a thagann ó ainmhithe lena n-áirítear táirgí déiríochta agus uibheacha.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** ar chinn Cadbury barraí veigeánacha plandabhunaithe a tháirgeadh.

Bhraith siad go raibh éileamh air/ bearna sa mhargadh chun freastal ar éileamh na gcustaiméirí agus tháinig méadú ar a mbrabúis/a ndíolacháin dá réir/chomhlíon siad a ngealltanas inbhuanaitheachta.

Chun fanacht chun tosaigh ar an iomaíocht ionas gur féidir leo a gcáil a fheabhsú/ionas go mbeidh siad cothrom le dáta ó thaobh treochtaí margaidh de/díolacháin a mhéadú.

**Ceist 9**

Cuir in iúl le tic (✓) sa bhosca ceart cé acu is san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobhháideach atá na daoine seo thíos ag obair.

| | **An Earnáil Phoiblí** | **An Earnáil Phríobháideach** |
|---|---|---|
| Gardaí | ✓ | |
| Cúntóir Siopa in Tesco | | ✓ |
| Píolóta le Ryanair | | ✓ |

**Ceist 10**

**(i)** Mínigh an téarma "tobcheannach".

Rud a cheannach ar ala na huaire gan smaoineamh/ ceannach neamhbheartaithe.


**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar riosca **amháin** a bhaineann le tobcheannach do thomhaltóir.

Titim i bhfiacha rud a d'fhéadfadh cur leis an mbrú airgeadais atá orthu.

Níos lú airgid le caitheamh ar earraí riachtanacha / riachtanais.

Is baolach go mbeadh róchaiteachas i gceist leis an tomhaltóir agus d'fhéadfadh féinmheas íseal/aiféala/míshástacht a bheith mar thoradh air.

**Ceist 11**




Arna chur in oiriúint ó *Chill Insurance*

Léirítear sa chairt thuas na meánphréimheanna mótarárachais in Éirinn in 2023.

**(i)** Mínigh an téarma "préimh árachais".

| |
|---|
| An íocaíocht/táille ar árachas/ An méid a chosnaíonn sé d'árachas a chur faoi árachas ar feadh tréimhse ama, bliain, de ghnáth/ An méid a chosnaíonn an t-árachas ort/ An méid a íocann tú as árachas. Íocann an t-árachóir nó an duine a chuireann rud faoi árachas é. Dá airde an riosca, is ea is airde an phréimh. |

**(ii)** Cad a chuirtear in iúl faoi phréimheanna mótarárachais sa chairt thuas?

| |
|---|
| Tagann laghdú ar mheánphréimheanna mótarárachais de réir mar a théann tiománaí in aois. |
| Braitheann préimheanna ar aois an tiománaí m.sh., íocann daoine idir 20-29 bliain d'aois thart ar €1,100 ar an meán ach íocann daoine idir 60-69 bliain d'aois thart ar €500 ar an meán. |
| Ní íocann gach duine an phréimh chéanna m.sh., íocann daoine idir 20-29 bliain d'aois thart ar €1,100 ar an meán ach íocann daoine idir 60-69bliain d'aois thart ar €500 ar an meán. |

**Ceist 12**



"Ceolchoirmeacha in Áth Cliath fógartha ag Taylor Swift"

*The Irish Times*, 20 Meitheamh 2023

Mínigh **dhá** thoisc a imríonn tionchar ar an éileamh ar thicéid le haghaidh cheolchoirmeacha Taylor Swift.

| |
|---|
| Praghas an earra – Dá airde praghas an táirge, is amhlaidh gur ísle an t-éileamh. Ní cheannóidh daoine na ticéid má bhíonn siad róchostasach agus mar sin tiocfaidh laghdú ar an éileamh. |
| Ioncam tomhaltóra – Má tá an t-ioncam ard sa teaghlach/ag méadú, tiocfaidh méadú ar an éileamh ar tháirge. Éileoidh daoine na ticéid má bhíonn sé d'acmhainn acu iad a cheannach. |
| Fógraíocht – Cuirfidh sé tomhaltóirí ar an eolas go bhfuil na táirgí ar fáil. Cuirfidh fógraíocht mhór ar thicéid cheolchoirme leis an éileamh atá ann i measc tomhaltóirí de bharr go mbeidh a fhios ag níos mó daoine go bhfuil siad ar fáil. |
| An praghas ar earraí comhlántacha – De réir mar a thagann méadú ar phraghas earraí comhlántacha, tiocfaidh laghdú ar an éileamh ar an táirge. Má éiríonn iompar/lóistín róchostasach, tiocfaidh laghdú ar an éileamh ar thicéid freisin óir ní bheidh daoine in ann freastal ar an gceolchoirm. |
| An praghas ar earraí ionadaíocha – Má thagann laghdú ar an bpraghas ar earra ionadaíoch (ceolchoirm/siamsaíocht eile), rachaidh daoine leis an rogha eile seo. Má thagann laghdú ar phraghas na dticéad do cheolchoirm/siamsaíocht dá samhail, ní bheidh an t-éileamh céanna ar na ticéid i measc an phobail do cheolchoirm Taylor Swift agus freastalóidh siad ar an gceolchoirm/siamsaíocht eile atá níos saoire ina hionad. |
| An rud a thaitníonn/is fearr le tomhaltóirí – Má tá an-tóir ar an táirge i measc tomhaltóirí, tiocfaidh méadú ar an éileamh ar an táirge. Beidh éileamh mór ar thicéid cheolchoirme Taylor Swift óir tá an-tóir ag a lucht leanúna ar a cuid ceoil. |
| An méid a bhfuil tomhaltóirí ag súil leis – Má bhíonn tomhaltóirí ag súil le go dtiocfaidh ardú ar phraghsanna amach anseo, beidh an-éileamh ar an táirge. Más mian le daoine ticéid cheolchoirme a cheannach agus má tá siad ag súil le go dtiocfaidh ardú ar an bpraghas amach anseo, ceannóidh siad na ticéid ar a bpraghas reatha. |

**Ceist 13**

Tuilleann cúntóir díolacháin €14 in aghaidh na huaire agus am dúbailte má oibríonn sí ar an Satharn nó ar an Domhnach.

Ríomh an Pá Comhlán a bheadh aici an tseachtain seo dá n-oibreodh sí ar feadh 12 uair an chloig i rith na seachtaine agus 7 n-uair an chloig ag an deireadh seachtaine.

Oibreacha: I rith na seachtaine 12 uair x €14= €168 **2m**

Deireadh seachtaine 7 nuaire x €28 = €196 **2m**

= Pá Comhlán = €364

Freagra: **€1m** 364 **1m F.F.**

**Ceist 14** Comhlánaigh an Ráiteas Ioncaim seo de chuid na cuideachta Ó Dubhghaill Teo. don bhliain dar chríoch 31/12/2023:

| Ráiteas Ioncaim do Ó Dubhghaill Teo. don bhliain dar chríoch 31/12/2023 | | |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Díolacháin | | 500,000 |
| **Lúide Costas díolachán** | | |
| Stoc Tosaigh | 20,000 | |
| Ceannacháin | 280,000 | |
| | 300,000 **2m** | |
| Lúide Stoc Deiridh | 15,000 | |
| Costas Díolachán | | 285,000 **2m F.F.** |
| **Brabús Comhlán** | | 215,000 **2m F.F.** |

**Ceist 15** Meastar go bhfuil 4,300 fiontar sóisialta ag Arna chur in oiriúint ó *gov.ie*, Iúil 2024

**(i)** Mínigh an téarma "fiontar sóisialta".

| |
|---|
| Gnólacht a bhunaítear chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar dá phobal áitiúil nó chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sóisialta, eacnamaíocha nó comhshaoil a imríonn tionchar ar an bpobal áitiúil. |
| Ní fheidhmíonn fiontair shóisialta mar charthanas atá ag brath ar shíntiúis le maireachtáil, ach ina ionad sin gineann siad ioncam óna ngníomhaíocht shóisialta. |
| Tugann siad tús áite do dhaoine agus don phobal in ionad gnóthachan príobháideach agus pearsanta móide sampla. |

**(ii)** Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** atá roimh fhiontair shóisialta.

| |
|---|
| D'fhéadfadh sé go mbeadh sé dúshlánach maoiniú a mhealladh ó tharla gur minic le hinfheisteoirí tús áite a thabhairt do thorthaí airgeadais. |
| Cé go bhfuil sé d'aidhm acu freastal ar riachtanais shóisialta, comhshaoil nó phobail, ní mór d'fhiontair shóisialta mar sin féin dóthain ioncaim a ghiniúint chun costais a chlúdach agus a dtionscnaimh a mhaoiniú. |
| Easpa fostaithe le scileanna áirithe a d'fhéadfadh tabhairt ar fhiontar sóisialta dúnadh. |

| Roinn B | 180 marc |
|---|---|

**Freagair na 3 cheist go léir.**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc**.

**Ceist 16**




**(a)** Tá Dáithí Ó hÉimhín agus a bhean chéile, Linda, ina gcónaí i dTrá Lí, Co. Chiarraí in éineacht lena dtriúr páistí. Is múinteoir é Dáithí agus is Paraimhíochaineoir í Linda. Is mian leo airgead a choigilt le haghaidh oideachas a gcuid páistí san am atá le teacht.

**(i)** Mol **dhá chineál** Institiúide Airgeadais **éagsúla** ina bhféadfadh Dáithí agus Linda a gcuid airgid a choigilt.
Tabhair **cúis éagsúil** leis an dá mholadh. **8m**

| |
|---|
| **Dhá Institiúid Airgeadais:** Oifig an Phoist, Comhar Creidmheasa, Cumann Foirgníochta, Banc Tráchtála, Revolut. |
| **Cúis:** Sábháilte de bharr go bhfuil sé faoi ráthaíocht an Stáit. Tuilleann sé ús de réir mar a thagann méadú ar an méid gach bliain. Éasca le hairgead a thógáil amach/áisiúil mar go bhfuil rochtain ar líne ag custaiméirí/ sa phobal áitiúil. Dea-cháil a fhorbairt leis an institiúid chun iasachtaí a fháil amach anseo. |

**(ii)** Tá roinnt céimeanna i saolré pearsanta airgeadais.
Baineann teastálacha éagsúla le gach céim, agus foinsí éagsúla ioncaim mar mhaoiniú ag na teastálacha sin.
Tabhair sampla le haghaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas: **6m**

| **Ráiteas** | **Sampla** |
|---|---|
| Teastáil do dhuine cleithiúnach / do dhuine atá ag brath ar dhaoine eile: | Milseáin, bréagáin, laethanta saoire |
| Foinse ioncaim do dhuine atá ar scor: | Pinsean, ús ar choigilteas, ioncam cíosa |

**(b)** Cuid riachtanach de theaghlach ar bith a rith is ea buiséad. **6m**



**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis ar cheart do theaghlaigh buiséad a ullmhú.

| |
|---|
| Chun a gcaiteachas a phleanáil amach anseo lena chinntiú go bhfuil siad ag maireachtáil de réir a n-acmhainne. |
| Chun tacú le hiarratas ar iasacht nó ar rótharraingt bainc ionas gur féidir leis an teaghlach an maoiniú a fháil nuair is riachtanaí é. |
| Chun a n-iarmhéid airgid deiridh a mheas ag deireadh gach míosa ionas gur féidir coigeartuithe a dhéanamh nuair is gá, déanann tú deimhin de go gcaitheann tú d'airgead go stuama. |
| Chun a n-ioncam amach anseo a thuar ionas go mbeidh smacht acu ar a gcuid airgid/siad ullamh d'éigeandálaí. |

**(ii)** D'ullmhaigh muintir Uí Éimhín a mbuiséad teaghlaigh ó Eanáir go hAibreán.
Líon na boscaí bána sa tábla thíos amach chun Buiséad Mhuintir Uí Éimhín a chomhlánú.
**16m**

| **Buiséad Mhuintir Uí Éimhín** | **Eanáir** | **Feabhra** | **Márta** | **Aibreán** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Ioncam (A) | 5,200 | 5,200 | 5,650 | 5,200 | 21,250 **1m** |
| Caiteachas (B) | 3,800 | 3,450 | 4,100 | 5,420 | 16,770 **1m** |
| Airgead glan (A – B) | 1,400 **1m** | 1,750 **1m** | 1,550 **1m** | (220) **1m** | 4,480 **1m F.F** |
| Airgead Tosaigh | **600** | 2,000 **1m F.F** | 3,750 **1m F.F** | 5,300 **1m F.F** | 600 **1m** |
| Airgead Deiridh | 2,000 **1m F.F** | 3,750 **1m F.F** | 5,300 **1m F.F** | 5,080 **1m F.F** | 5,080 **1m F.F** |

**(iii)** I bhfianaise a mbuiséid, an bhfuil sé d'acmhainn ag muintir Uí Éimhín €500 a choigilt in aghaidh na míosa? **3m**
Cuir in iúl le tic (✓) sa bhosca ceart.
Tabhair fáth le do fhreagra.

Tá ✓ Níl ☐

**Cúis:** Is ionann €500 in imeacht 4 mhí agus €2,000, agus tá sé d'acmhainn acu €500 a choigilt in aghaidh na míosa gan stró. Tá iarmhéid deiridh acu in airgead tirim glan dar luach €4,480.

**(c)** **(i)** Liostaigh **trí** cháin a bhféadfadh go mbeadh ar mhuintir Uí Éimhín iad a íoc. **9m**

| |
|---|
| Cáin ioncaim/ÍMAT. |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch (USC), Mótarcháin, Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT), CBL, Dleachtanna Máil, Dleachtanna Custam, Cáin Mhaoine Áitiúil (LPT), Cáin charbóin, Cáin siúcra. |

**(ii)** Is é an cánachas an phríomhfhoinse ioncaim i mBuiséad Náisiúnta na hÉireann. Seachas an cánachas, mínigh **dhá** fhoinse eile ioncaim atá ag Rialtas na hÉireann. **6m**

| |
|---|
| Deontais AE, airgead a fhaightear ón AE ar mhaithe le coinníollacha sonracha nach gá a aisíoc e.g., Covid, mótarbhealaí etc. |
| Iasachtaí AE, airgead a fhaightear nach mór a aisíoc le hús agus d'fhéadfadh cuspóir sonrach a bheith ag baint leis an iasacht m.sh., pacáiste tarrthála nó ospidéal leanaí. |
| Táillí/Fíneálacha a ghearrann Comhlachtaí Stáit a chuidíonn le cúnamh a thabhairt do thionscadail áirithe de chuid an Rialtais. |
| Tá díol comhlachtaí stáit (Príobháidiú) tábhachtach don Rialtas óir cuireann sé ioncam ar fáil a bhfuil géarghá leis do thionscadail chaipitil áirithe. |

**(iii)** Bhí rátaí úis an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) níos airde in 2022 ná mar a bhí siad sa 22 bhliain roimhe sin.

Déan cur síos ar thionchar **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag ardú sna rátaí úis ar gach ceann acu seo thíos: **6m**

| |
|---|
| **Coigilteas:** Méadú ar choigilteas mar thoradh ar bhrabús níos airde ar infheistíocht/ Bogadh airgid ó infheistíochtaí rioscaí go cuntais choigiltis mar gheall ar bhrabús níos airde ar infheistíocht. |
| **Iasachtaí a fháil:** Laghdú ar iasachtaí óir cosnóidh sé níos mó chun iasachtaí a aisíoc. |

**Ceist 17 (a) (i)** Úsáid na sonraí thíos chun Leabhar Airgid Anailísithe Ith i gCeart Teo. do mhí na Bealtaine 2024 a chomhlánú agus comhardaigh an cuntas. **19m** (Dáta 1m Sonraí 2m)

| Dáta | Idirbheart | Méid € | Do chuid oibre más gá |
|---|---|---|---|
| 01/05/2024 | D'infheistigh scairshealbhóirí sa chuideachta | 17,500 | |
| 03/05/2024 | Earraí a ceannaíodh lena n-athdhíol | 9,000 + CBL@23% | |
| 05/05/2024 | Earraí a díoladh | 11,000 + CBL@23% | |
| 12/05/2024 | Pá a íocadh | 3,000 | |
| 19/05/2024 | Bille leictreachais a íocadh | 2,000 | |
| 26/05/2024 | Pá a íocadh | 3,000 | |

| Dr | Leabhar Airgid Anailísithe Ith i gCeart Teo. | | | | | | | | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Sonraí** | **Banc** | **Díolacháin** | **CBL** | **Caipiteal** | **Dáta** | **Sonraí** | **Banc** | **Ceannacháin** | **CBL** | **Leictreachas** | **Pá** |
| **2024** | | **€** | **€** | **€** | **€** | **2024** | | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| 1/5 | Caipiteal | 17,500 **1m** | | | 17,500 **1m** | 3/5 | Ceannacháin | 11,070 **1m F.F.** | 9,000 **1m** | 2,070 **1m** | | |
| 5/5 | Díolacháin | 13,530 **1m F.F.** | 11,000 **1m** | 2,530 **1m** | | 12/5 | Pá | 3,000 **1m** | | | | 3,000 **1m** |
| | | | | | | 19/5 | Leictreachas | 2,000 **1m** | | | 2,000 **1m** | |
| | | | | | | 26/5 | Pá | 3,000 **1m** | | | | 3,000 **1m** |
| | | | | | | 31/5 | Iarmhéid t/s | 11,960 **1m F.F.** | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | 31,030 | 11,000 | 2,530 | 17,500 | | | 31,030 | 9,000 | 2,070 | 2,000 | 6,000 |
| 1/6 | Iarmhéid t/a | 11,960 **1m F.F.** | | | | | | | | | | |

**(ii)** Breac na hiomláin chuí go léir ó Leabhar Airgid Anailísithe Ith i gCeart Teo. sna cuntais mhórleabhair thíos. **18m** (Dáta 2m)

**Dr** **Cuntas Caipitil** **1m** **Sr**

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 31/5/24 | Banc / Airgead | 17,500 **1m** |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Dr** **Cuntas Díolacháin** **1m** **Sr**

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 31/5/24 | Banc / Airgead | 11,000 **1m** |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Dr** **Cuntas Ceannacháin** **1m** **Sr**

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 31/5/24 | Banc / Airgead | 9,000 **1m** | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Dr** **Cuntas Leictreachais 1m** **Sr**

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 31/5/24 | Banc / Airgead | 2,000 **1m** | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Dr** **Cuntas Pá 1m** **Sr**

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 31/5/24 | Banc / Airgead | 6,000 **2m** | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Dr** **Cuntas CBL 1m** **Sr**

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 31/5/24 | Ceannacháin | 2,070 **1m F.F.** | 31/5/24 | Díolacháin | 2,530 **1m F.F.** |
| 31/5/24 | Iarmhéid t/s | 460 **1m F.F.** | | | |
| | | 2,530 | | | 2,530 |
| | | | 1/6/24 | Iarmhéid t/a | 460 **1m F.F.** |
| | | | | | |

**(iii)** Úsáid iarmhéideanna na mórleabhar agus comhlánaigh comhardú trialach Ith i gCeart Teo. **8m**

| **Comhardú Trialach Ith i gCeart Teo. mar a bhí ar an 31 Bealtaine 2024** | | |
|---|---|---|
| | **Dr** | **Sr** |
| Caipiteal | | 17,500 **1m F.F.** |
| Díolacháin | | 11,000 **1m F.F.** |
| Ceannacháin | 9,000 **1m F.F.** | |
| Leictreachas | 2,000 **1m F.F.** | |
| Pá | 6,000 **1m F.F.** | |
| CBL | | 460 **1m F.F.** |
| Banc | 11,960 **1m F.F.** | |
| | 28,960 **F.F.** | 28,960 **F.F.** |

**1m**

**(b)** Oibríonn Fionn mar chócaire. Thug sé faoi deara le déanaí go bhfuil méadú tagtha ar an líon daoine a bhíonn ag iarraidh bia sláintiúil. D'oscail sé gnólacht bia shláintiúil beir leat dá chuid féin faoin ainm Fionn Folláin Teo. sa Mhuileann gCearr, Co. na hIarmhí.

**(i)** Mínigh riosca **amháin** d'Fhionn agus a ghnólacht féin á bhunú aige. **3m**

| |
|---|
| D'fhéadfadh sé a infheistíocht a chailleadh má theipeann ar an ngnólacht. |
| Gan a bheith in ann foireann oiriúnach a fháil a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar dhíolacháin/bhrabúis. |
| D'fhéadfaí damáiste a dhéanamh do chlú rud a d'fhéadfadh bac a chur ar thionscadail amach anseo. |
| Obair ar feadh uaireanta fada agus d'fhéadfadh sé sin tionchar a bheith aige ar an gcothromaíocht idir an saol oibre/sa bhaile. |

**(ii)** Tá tionchar ag Fionn Folláin Teo. ar an gceantar áitiúil ina bhfuil sé lonnaithe.
Déan cur síos ar **dhá** thionchar a d'fhéadfadh Fionn Folláin Teo. a imirt ar an gceantar áitiúil. **6m**

| |
|---|
| Fostaíocht áitiúil a chruthú a mhéadóidh an t-ioncam indiúscartha do theaghlaigh áitiúla. |
| Urraíocht a dhéanamh ar imeachtaí áitiúla a chruthaíonn muintearas sa cheantar áitiúil. |
| Éifeacht iolraitheora: An tairbhe eacnamaíoch bhreise a bhaineann ceantar as airgead a chaitear sa gheilleagar áitiúil (éifeachtaí seachtháirge) a d'fhéadfadh borradh a chur faoi fhostaíocht áitiúil. |
| Trí bhia sláintiúil beir leat a dhíol, spreagfar muintir na háite chun an rogha shláintiúil a cheannach rud a laghdóidh an brú ar na seirbhísí sláinte áitiúla. |
| Trí bhia sláintiúil beir leat a chur ar fáil, meallfaidh Healthy Ted Ltd daoine isteach sa cheantar áitiúil rud a mhéadóidh caiteachas sa cheantar áitiúil. |

**(iii)** Agus a ghnólacht á bhunú aige, mhol an Oifig Fiontair Áitiúil san Iarmhí d'Fhionn Plean Gnó a ullmhú.
Mínigh **dhá** chúis ar cheart do ghnólacht Plean Gnó a ullmhú. **6m**

| |
|---|
| Chun tacú le hiarratas iasachta d'fhonn infheistíocht a mhealladh don todhchaí. |
| Spriocanna soiléire a leagan síos a úsáidtear chun baill foirne a spreagadh. |
| Slat tomhais atá ann chun rath a thomhas agus chun na réimsí nár mhór a fheabhsú a aithint. |

**Ceist 18**



**(a)** **(i)** Úsáideann Búitíc Bhairbre promóisean díolachán lena gcuid táirgí a mhargú.

Mínigh an téarma “Promóisean Díolachán”.

Tabhair **dhá** shampla de mhodhanna promóisin díolachán a d’fhéadfadh Búitíc Bhairbre a úsáid. **7m**

| |
|---|
| **Promóisean Díolachán:** Modhanna chun díolacháin a mhéadú seachas fógraíocht m.sh., spreagadh/ seifteanna chun go gceannóidh daoine rud éigin. |
| **Samplaí:** Laghduithe praghais/comórtais/scéimeanna cártaí dílseachta/Tairiscintí speisialta/ samplaí saor in aisce/urraíocht/lascainí. |

**(ii)** Sainaithin **trí** thréith a bhaineann le tomhaltóir maith. **9m**

| |
|---|
| Téann sé/sí ó shiopa go siopa/ceannaíonn sé/sí ábhar ó fhoinsí iontaofa amháin. |
| Coinníonn sé/sí fáltais. |
| Ní cheannaíonn sé/sí earraí go tobann, tá a gcearta ar eolas acu/níl aon gheilleagar bréagach i gceist, tá sé/sí ar an eolas faoi conas gearán a dhéanamh. |

**(iii)** Cheannaigh Máire gúna ar €150 i mBúitíc Bhairbre.
Nuair a thug sí abhaile é, chonaic sí nach raibh sé ag teacht lena seaicéad.
An lá dár gcionn, d’fhill Máire ar Bhúitíc Bhairbre agus d’iarr sí aisíocaíocht.

An bhfuil Máire i dteideal, de réir dlí, aisíocaíocht a fháil? **3m**
Cuir in iúl le tic (✓) sa bhosca ceart.

| Tá | | Níl | ✓ |
|---|---|---|---|

Tabhair fáth le do fhreagra.

| |
|---|
| **Cúis:** |
| Tháinig athrú intinne uirthi nó tuigeann sí anois nach dtéann an gúna lena cuid éadaí. |
| Ní raibh aon rud mícheart leis an ngúna mar sin níl an siopa freagrach. |

**(b) (i)** Bíonn Éire ag trádáil lena lán tíortha fud fad an domhain. Léigh na ráitis thíos agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun an tábla a chomhlánú: **9m**

| Ráiteas | Iompórtálacha Sofheicthe | Iompórtálacha Dofheicthe | Easpórtálacha Sofheicthe |
|---|---|---|---|
| Mairteoil Éireannach a dhíoltar sa Bhreatain  | | | ✓ |
| Éireannaigh ar saoire sa Spáinn  | | ✓ | |
| Carranna Gearmánacha a dhíoltar in Éirinn | ✓ | | |


**(ii)** Tá a lán Cuideachtaí Ilnáisiúnta (CINanna) tar éis aistriú go hÉirinn le blianta beaga anuas. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a measann na cuideachtaí seo gur suíomh tarraingteach í Éire chun gnólacht a bhunú ann. **6m**

| |
|---|
| Is cuid den Aontas Eorpach í agus is tairseach ar an Aontas Eorpach í do chuideachtaí idirnáisiúnta. |
| Cáin chorparáide íseal de 12.5% / a mhéadaíonn brabúis. |
| Is tír í ina labhraítear Béarla rud atá go maith do chuideachtaí idirnáisiúnta. |
| Lucht saothair oilte atá ar fáil go héasca i gcomparáid le tíortha eile rud a laghdaíonn costais oiliúna. |
| D'fhéadfadh Rialtas na hÉireann deontais a thairiscint le lonnú anseo rud a chabhraíonn le costais bhunaithe a laghdú. |

**(iii)** Tá cuid de na CINanna sin ag smaoineamh anois ar aistriú amach as Éirinn. Mínigh cúis **amháin** a n-aistreoidís go tíortha eile. **3m**

| |
|---|
| Tá costais saothair i ndiaidh dul i méid in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile go háirithe i dtíortha atá i mbéal forbartha. Nuair a bhogann siad cuidíonn sé le costais cuideachtaí a laghdú. |
| Mar gheall ar ghanntanas tithíochta agus costais mhéadaithe i leith cúrsaí lóistín, níl sé baileach chomh tarraingteach d'oibrithe fanacht anseo mar nach féidir leo tithíocht a chur ar fáil dá dteaghlaigh. |
| Ganntanas scileanna i réimsí áirithe rud ar féidir freastal air i dtíortha eile. |
| Mar gheall ar a suíomh ar imeall na hEorpa tá méadú ar chostais iompair. |

**(c)**




Arna chur in oiriúint ó *cso.ie*

**(i)** Úsáid an t-eolas sa bharrachairt thuas le rá cén bhliain ina raibh an ráta boilscithe ab airde ann. **5m**

| |
|---|
| Bliain: 2022 |

**(ii)** Mínigh cúis **amháin** a mbíonn boilsciú ann. **3m**

| |
|---|
| Is airde an t-éileamh ná an soláthar / tá ganntanas ann rud a mhéadaíonn praghas earraí agus seirbhísí. (Boilsciú de bharr tarraingt éilimh). |
| Nuair a thagann méadú ar chostas táirgeachta, i.e. pá, fuinneamh, is baolach go dtitfidh an méadú costais ar an tomhaltóir. Beidh méadú ar phraghas earraí agus seirbhísí mar thoradh air seo. (Boilsciú de bharr costbhrú). |
| D'fhéadfadh méadú teacht ar phraghas táirge má thagann méadú ar chánacha indíreacha. |

Tá an costas maireachtála ag cur iallach ar thomhaltóirí a bheith níos inbhuanaithe.

Arna chur in oiriúint ón *Irish Times*

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach ar féidir le tomhaltóirí a bheith níos inbhuanaithe nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á gceannach acu. **6m**

| |
|---|
| Seachnaíonn siad táirgí mearfhaisin a cheannach rud a laghdaíonn monarchana dúshaothair/dramhaíl i láithreáin líonadh talún. |
| Ceannaíonn siad earraí in-athchúrsáilte/ Baineann siad úsáid as coimeádáin in-athúsáidte le haghaidh stóráil bia/ Baineann siad úsáid as buidéal uisce in-athúsáidte in ionad buidéil phlaisteacha/ seachnaíonn siad cupáin indiúscartha a fhágfaidh go mbeidh an pláinéad níos glaine agus níos inbhuanaithe do na glúnta atá le teacht. |
| Ceannaíonn siad táirgí a bhfuil a gcomhábhair táirgthe ar bhealach a laghdaíonn damáiste don chomhshaol e.g., Trádáil Chothrom. |
| Ceannaíonn siad carranna leictreacha nó hibrideacha a laghdaíonn astaíochtaí carbóin san atmaisféar. |

Tháinig Scéim Éarlaise agus Aisíoca na hÉireann i bhfeidhm i mí Feabhra 2024.
Nuair a thugann tú ar ais buidéal plaisteach nó canna alúmanaim/cruach ar a bhfuil lógó Re-Turn, faigheann tú d'éarlais iomlán ar ais.

Arna chur in oiriúint ó *re-turn.ie*

**(iv)** Mínigh **dhá** mhíbhuntáiste do ghnólacht a bhaineann leis an Scéim Éarlaise agus Aisíoca. **6m**

| |
|---|
| B'fhéidir go mbeadh orthu tuilleadh baill foirne a oiliúint nó a fhostú chun an tseirbhís seo a sholáthar rud a laghdaíonn an t-am a gcaitear i réimsí eile den ghnólacht / a mhéadaíonn costais ghnó. |
| D'fhéadfadh sé go mbeadh bruscar mar thoradh air timpeall na meaisíní rud a mhéadaíonn costais diúscartha dramhaíola an ghnólachta. |
| Bíonn méadú ar chostas gnó mar thoradh ar chostais suiteála na meaisíní seo. |
| Tá éileamh ar an ngnólacht limistéar mór a chur ar fáil chun an meaisín seo a chur. |
| Is baolach go gceannódh tomhaltóirí níos lú de na hearraí óir tá siad níos costasaí mar go gcuirtear an tobhach seo san áireamh phraghas agus mar sin laghdaíonn sé díolacháin. |

**(v)** Tabhair breac-chuntas ar thairbhe **amháin** don tsochaí a bhaineann leis an Scéim Éarlaise agus Aisíoca. **3m**

| |
|---|
| Caitear níos lú cannaí timpeall na háite rud a chuireann feabhas ar an gcuma atá ar an gceantar. |
| Déantar níos lú damáiste don chomhshaol mar go bhfuiltear ag fáil réidh leis na cannaí seo mar is ceart. |
| Cothaíonn sé cultúr athchúrsála i measc an phobail trí chéile rud a chuireann le pláinéad níos sláintiúla do na glúnta atá le teacht. |

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** |
|---|---|
| ✓n | Gné cheart (n marc) |
| 0 | Gan aon mharc bronnta. Freagra mícheart nó neamhleor. |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéís neamhbailí. |
| OF | Tuilltear marcanna de thoradh fhigiúr an iarrthóra féin. |
| [ | Freagra farasbairr nó cuid de fhreagra.<br>Bronnadh marcanna in áit eile. |
| // | Pointí comhcheangailte chun marc níos airde a bhronnadh |